Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

FODHLÍTHE UM LUASTEORAINN SPEISIALTA AIBREÁN 2021

(DRÉACHT-TOGRAÍ)

An Roinn Comhshaoil agus Iompair
Bloc 2, Urlár 7, Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

TOGRA LE HAGHAIDH FODHLÍTHE UM LUASTEORAINN SPEISIALTA CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH, AIBREÁN 2021

Leis seo, trí na cumhachtaí a thugtar di le hAlt 9 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004, agus le toiliú Bhonneagar Iompair Éireann, déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na fodhlíthe seo a leanas i ndáil le bóithre poiblí áirithe laistigh de theorainneacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

- Féadfar Fodhlíthe um Luasteorainn Speisialta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Aibreán 2021 a ghairm de na fodhlíthe seo

- Tiocfaidh na fodhlíthe seo i ngníomh roimh dheireadh 2021

- **Ochtó ciliméadar san uair** an luasteorainn speisialta a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar gach ceann de na bóithre atá sonraithe sa léarscáil faoi iamh (**dath oráiste**)

- **Seasca ciliméadar san uair** an luasteorainn speisialta a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar gach ceann de na bóithre atá sonraithe sa léarscáil faoi iamh (**dath glas**)

- **Tríocha ciliméadar san uair** an luasteorainn speisialta a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste a bheidh infheidhme i ndáil le gach limistéar foirgnithe: Tá na limistéir ina bhfuil an luasteorainn **tríocha ciliméadar san uair** i bhfeidhm iontu sonraithe sa léarscáil faoi iamh (**dath bán, liath agus buí**)

- **Daichead ciliméadar san uair** an luasteorainn speisialta a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar gach ceann de na bóithre atá sonraithe sa léarscáil faoi iamh (**dath - ciorcail bhánghorma**)

- **Caoga ciliméadar san uair** an luasteorainn speisialta a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar gach ceann de na bóithre atá sonraithe sa léarscáil faoi iamh (**dath corcra**)

- Luasteorainn Speisialta le haghaidh Imthosca Speisialta. **Caoga ciliméadar san uair** an luasteorainn speisialta a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar gach ceann de na bóithre atá sonraithe sa léarscáil faoi iamh – (**dath dúghorm – líne poncanna)** agus san aguisín leis na fodhlíthe seo sa chás go dtarlaíonn teagmhas nó oibreacha cothabhála is cúis le bac nó sa chás go bhfuil riosca ann go mbeidh brú tráchta ar na bóithre chun críocha sábháilteachta agus oibríochtúla. Is féidir an luasteorainn seo a thaispeáint ar chomharthaí teachtaireachtaí athraitheacha. I rith gach am eile beidh an luasteorainn ar na bóithre seo cothrom le **hochtó ciliméadar san uair**

AGUISÍN

I. **<u>Ochtó ciliméadar san uair</u>** an luasteorainn a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar na bóithre sonraithe thíos agus arna léiriú le ar an léarscáil.

1. Seachbhóthar Shéipéal Iosóid ó theorainn Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas / Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go dtí a acomhal le Bóthar Choinn Colbaird.

2. Seachbhóthar Sheantraibh ó Thuaidh, ó phointe 135 méadar ó dheas den aghaidh ó dheas den teannta thiar den droichead ó dheas d'acomhal Mótarbhealaigh Lána na Cúlóige ó thuaidh chuig teorainn Chomhairle Contae Fhine Gall / Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

3. Seachbhóthar Sheantraibh ó Dheas, idir teorainn Chomhairle Contae Fhine Gall / Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus pointe 250m ó dheas den aghaidh thuaidh den teannta thoir den droichead ó thuaidh ag Acomhal Mótarbhealaigh Lána na Cúlóige.

II. **<u>Seasca ciliméadar san uair</u>** an luasteorainn a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar na bóithre sonraithe thíos agus arna léiriú le ar an léarscáil.

1. An Bóthar Thuaidh / Bóthar Fhionnghlaise ón acomhal le Bóthar San Maighréad chomh fada le teorainn Chomhairle Contae Fhine Gall / Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

2. Bóthar Choinn Colbaird, ó acomhal Bhóthar Choinn Colbaird-Sheachbhóthar Shéipéal Iosóid chomh fada le pointe 150 méadar siar óna acomhal leis an gCuarbhóthar Theas.

3. Bóthar Náis ó theorainn Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas / Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go dtí a acomhal le hAscaill Bhaile Bhailcín.

4. Bóthar an Mhíle Fhada ó theorainn Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas / Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go dtí a acomhal le hAscaill Bhaile Bhailcín.

5. N32 óna acomhal le Bóthar Mhullach Íde chomh fada lena acomhal le timpeallán an M1/M50.

6. Seachbhóthar Sheantraibh ó Thuaidh den aghaidh ó thuaidh den teannta thuaidh de Bhóthar Sheantalaimh thar dhroichead chuig pointe 135m ó dheas den aghaidh ó dheas den teannta thiar den droichead ó dheas d'Acomhal Mótarbhealaigh Lána na Cúlóige.

7. Ó thuaidh, lána eisréimneachta (rampa amach) ó Sheachbhóthar Sheantraibh chomh fada le hAcomhal Mótarbhealaigh Lána na Cúlóige, óna chrosbhealach le príomhlíne thuaidh Sheachbhóthar Sheantraibh, chomh fada le pointe thart ar 44m ó líne aghaidh ó dheas den teannta thiar d'Acomhal Mótarbhealaigh an droichid ó dheas.

8. Seachbhóthar Sheantraibh ó Dheas ó phointe thart ar 127m ó dheas d'aghaidh ó dheas den teannta thoir den droichead ó dheas ag acomhal mótarbhealaigh ag aghaidh ó thuaidh den teannta thoir de Bhóthar an tSeantalaimh os cionn droichid.
9. Ó dheas, lána faoi choimhlíne (rampa isteach) ó Acomhal Mótarbhealaigh Lána na Cúlóige chomh fada lena acomhal le Seachbhóthar Sheantraibh.

10. Lána Siar Sheachbhóthar Shéipéal Iosóid idir teorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas chomh fada le pointe 200m Soir ar an sliosbhóthar ó Bhóthar na Coille Móire.

III. **<u>Caoga ciliméadar san uair</u>** an luasteorainn a bhunófar le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar na bóithre sonraithe thíos agus arna léiriú le ar an léarscáil.

1. Seachbhóthar Sheantraibh / Bóthar Shoird ó Sheantalamh thar an droichead chomh fada lena acomhal le Bóthar Uíbh Laoire.

2. Bóthar Fhionnghlaise (N2) óna acomhal le Bóthar San Maighréad chomh fada lena acomhal le Cúirt Claremont.

3. Bóthar Leamhcáin idir teorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas lena acomhal le hAcomhal Mótarbhealaigh Bhóthar na Coille Móire.

4. Bóthar Eoin Thiar óna acomhal leis an mBóthar Míleata chuig pointe 150 méadar thiar óna acomhal leis an gCuarbhóthar Theas.

5. Bóthar an Náis óna acomhal le hAscaill Bhaile Bhailcín chomh fada lena acomhal le An Cloigín Gorm.

6. Bóthar Stigh Lorgan idir teorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chuig a acomhal le R815 - Bóthar Anglesea agus Rae na mBéabhar.

7. Bóthar Pholl an Bhalla óna acomhal le Bóthar na Gráinsí agus teorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Chomhairle Contae Fhine Gall.

8. Bóthar na Gráinsí idir teorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Chomhairle Contae Fhine Gall lena acomhal le Bóthar Mhullach Íde.

9. Bóthar Mhullach Íde (R107) óna acomhal le Bóthar Ard Liath agus teorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Chomhairle Contae Fhine Gall.

10. An lána eisréimneachta (rampa amach) ó thuaidh ag Seachbhóthar Sheantraibh ag Acomhal Mótarbhealaigh Lána na Cúlóige, ó phointe 120m ó líne an aghaidh ó dheas den teannta thiar den droichead theas ag acomhal, chomh fada lena chrosbhealach le Bóthar Oscair Mhic Thréinir ar Acomhal Mótarbhealaigh Lána na Cúlóige.

11. Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath an M50 (Bealach Rochtana an Chalafoirt Thuaidh), ó Dheas ó phointe 205m thiar thuaidh ó lár an Dola-Phláis, feadh Bhóthar an Phoirt Thoir (R131) chomh fada lena acomhal leis an timpeallán ag Bóthar Sheáin Uí Mhóra.

12. Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath an M50 (Bealach Rochtana an Chalafoirt Thuaidh), ó Thuaidh óna acomhal le timpeallán ag Bóthar Sheáin Uí Mhóra, feadh Bhóthar an Phoirt Thoir (R131), chomh fada le pointe 205m thiar thuaidh ó lár an Dola-Phláis.

IV. Is é **Daichead ciliméadar san uair** an luasteorainn a bhunófar le haghaidh **bealaí a mholtar a ainmniú** le haghaidh feithiclí inneallghluaiste ar na bóithre sonraithe thíos agus arna léiriú le ar an léarscáil.

1. Ascaill Uí Ghríofa óna hacomhal le Bóthar Eastát na Tulchann chomh fada lena acomhal le Bóthar Mhullach Íde.

2. Ascaill Ghlas Naíon óna hacomhal le Bóthar Pháirc an Gharráin feadh Ascaill Uí Choileáin chomh fada lena hacomhal le Bóthar Bhinn Éadair.

3 Lána na Cúlóige óna acomhal le hAcomhal Mótarbhealaigh Sheantraibh feadh Bhóthar Oscair Mhic Thréinir, Bhóthar Thóin le Gaoith agus Bhóthar Chill Bharróg lena acomhal le Teorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Chomhairle Contae Fhine Gall.

4. Bóthar Pháirc na nGrás óna acomhal le Bóthar Richmond feadh Bhóthar Beaumont, Lána Uí Scalaí agus cuid de Bhóthar na Coille Móire chomh fada lena acomhal le Bóthar Mhullach Íde.

5. Bóthar Mhullach Íde óna acomhal le Bóthar Ard Liath chomh fada le Fionnradharc.

6. Bóthar Bhinn Éadair óna acomhal le Bóthar Chluain Tarbh chomh fada lena acomhal le Teorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Chomhairle Contae Fhine Gall.

7. Bóthar Chluain Tarbh óna acomhal le Bóthar Mhullach Íde chomh fada lena acomhal le Bóthar an Tóchair.

8. Bóthar Shéamais Uí Lorcáin óna acomhal le Bóthar an Tóchair chomh fada lena acomhal le Bóthar Bhinn Éadair.

9. Bóthar an Tóchair.

I láthair nuair a greamaíodh Séala Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de seo

An lá de 2020